# GAELOILIÚINT

**THE COUNCIL FOR IRISH-MEDIUM EDUCATION (CIME)**


**AN COISTE**

| | | |
|---|---|---|
| Cathaoirleach: | Liam Ó Flannagáin | Guth: (01648) 43249 |
| Rúnaí: | Cathal Ó Donnghaile | Guth: (01232) 239302 |
| Cisteoir: | Seán Mac Giolla Fhiondáin | Guth: (01762) 343883 |
| Oifigeach Forbartha | Róisín Ní Dhomhnaill | Guth: (01868) 748129 |


25 / 11 / 96

Cruinniú idir GAELOILIÚINT agus na Páirtithe Polaitiúla

A chara,

Le fada an lá tá Gaeil na Sé Chontae ag éileamh a gcuid ceart mar phobal dlisteanach dúchasach de chuid an oileáin seo. Is i réimsí an oideachais is mó atáthar a dhéanamh seo agus is san earnáil sin is mó atá a gcearta á séanadh orthu dá réir. Faoi iamh tá moltaí i dtaobh pholasaí Gaeilge don Ghaelscolaíocht agus cur síos ar na cearta bunúsacha atáimid a iarraidh agus atá tuillte againn.

De ghnáth nuair a théann toscaireacht ar bith ó na Gaelscoileanna chuig Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann nó chuig na Boird nó chuig eagraíocht státseirbhíseach ar bith is fuar na freagraí a fhaighimid. Deir siad i dtólamh nach bhfuil aon reachtaíocht dhlíthiúil ag an Ghaeilge san Ordú Oideachais 1989 agus nach bhfuil aon dualgas orthu dá réir sin bheith réamhghníomhach i dtaca le saincheisteanna a bhaineann linn. Dar leo, caithfidh stocaireacht pholaitiúil bheith déanta sula mbeidh a leithéid de reachtaíocht ann. Roimhe seo thug muid iarraidh roinnt páirtithe a chur ar comhthoscaireacht chuig an Roinn ach, ar chúis amháin nó ar chúis eile, níor tharla sin.

Sna Sé Chontae faoi láthair, tá 28 naíscoil, 12 bhunscoil agus dhá mheánscoil lán-Ghaeilge, níl ach seachtar acu sin maoinithe go hiomlán (rud a tharla i ndiaidh tamaill fhada de streachailt) agus trí cinnnn ar gealladh maoiniú áirithe ón Chiste Eorpach dóibh. Tá na cinn eile go huile is go hiomlán ag brath ar a gcumas féin díol as tuarastail, árachas, cóiríocht, coinneáil, trealamh, áiseanna, teas, leictreachas, guthán srl.

Beidh cruinniú ag GAELOILIÚINT i **Lárionad Traenála Ghleann na Foinse, ar a 6 a chlog Dé hAoine, 19 Nollaig** leis na ceisteanna seo a phlé agus le tacaíocht a fháil ó na páirtithe polaitiúla éagsúla. Iarraimid oraibh ionadaí, le Gaeilge más féidir, a chur chuig an chruinniú seo chun polasaí an pháirtí a chur in iúl dúinn i leith na mbuncheart pobail seo (faoi iamh). Baineann an t-aitheantas agus na cearta go dlúth leis an dealbhdhoiciméad Idir-Rialtais a foilsíodh trí bliana ó shin.

Níor iarr muid riamh cuidiú ó pholaiteoirí ar dhóigh chomh leathan seo roimhe. Anois áfach, níl aon rogha againn ach iarraidh ar gach páirtí ionadaí a chur chuig an chruinniú tábhachtach seo sa dóigh go mbeidh polasaí deimhneach feasta sa Stát seo i dtaca le cúrsaí Gaeilge. Caithfear brú a chur ar Phatrick Mayhew agus ar Mhicheál Ancram bheith níos solúbtha faoi chás na scoileanna uilig thuasluaite.

Tá cóip den litir seo á sheoladh againn chuig gach páirtí polaitiúil sna Sé Chontae. Tá súil agam go mbeidh ionadaí agaibh i láthair ag an ócáid seo.

Is mise le meas

Cathal Ó Donnghaile

Cathal Ó Donnghaile ______ Rúnaí GAELOILIÚINT.


Seoladh: GAELOILIÚINT, 216 Br. na bhFál, BT 12 6AH. Guthán: (01232) 239303 Faics: (01232) 239304